Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

# Treoirlínte chun an Fhoirm Iarratais ar Dheimhniú Díolúine a chomhlánú chun madra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann a choinneáil in Éirinn

Ní mór duit iarratas ar leith a dhéanamh le haghaidh gach madra (foirm iarratais amháin in aghaidh an mhadra).

Ní mór d'úinéir madra a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine mar a shainmhínítear san Acht um Rialú Madraí 1986 mar seo a leanas;

Folaíonn **"úinéir"** , i ndáil le madra, áititheoir aon áitribh ina gcoimeádtar an madra nó ina gceadaítear dó cónaí nó fanacht ag aon tráth áirithe mura gcruthaíonn an t-áititheoir sin a mhalairt: Ar choinníoll, i gcónaí, i gcás níos mó ná aon teaghais amháin a bheith in aon teach, go nglacfar leis gurb é áititheoir na teaghaise ina gcoimeádtar an madra nó ina gceadaítear dó cónaí nó fanacht, an t-úinéir go dtí go gcruthófar a mhalairt;

Bain úsáid as an **gCaighdeán maidir le Cruth Fhisiciúil Madra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann** chun seiceáil a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir sa mhadra. Mura bhfuil tú cinnte tar éis é a bheith seiceáilte agat, is féidir iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Díolúine mar réamhchúram.

## Cén áit a seolfar an fhoirm seo?

Comhlánaigh an fhoirm seo agus seol tríd an bpost nó ar ríomhphost é chuig d'Údarás Áitiúil ar cheann amháin díobh seo a leanas;

**Ríomhphost:** **environment@offalycoco.ie.**

**Tríd an bPost:** Rialú Ainmhithe, Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce,
Comhairle Chontae Uibh Fhaili, Áras an Chontae, Tulach Mhór, R35 F893, Co. Uibh Fhaili,

Tá na doiciméid seo a leanas ag teastáil sular féidir an Deimhniú Díolúine a eisiúint

1. Cóip de Cheadúnas Madraí bailí.
2. Cóip den Deimhniú Micrishliseadh.
3. Cóip den Fhoirm um Dheimhniú Tréidliachta ar Stádas Neodraithe.
4. Cruthúnas Céannachta Fótagrafach (Cóip de Phas, Ceadúnas Tiomána, cárta seirbhísí poiblí srl.).
5. Cruthúnas ar Sheoladh (Cóip de Bhille Fóntais nó de ráiteas bainc a eisíodh le 3 mhí anuas).

Déanfaimid d'iarratas a phróiseáil agus seolfaimid chugat:

- Deimhniú Díolúine.
- Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise.
- Litir Dhiúltaithe.

Má tá do mhadra neodraithe cheana féin, eiseofar an Deimhniú Díolúine ar choinníoll go mbeidh gach coinníoll iarratais eile comhlíonta roimh an 31 Bealtaine 2025.

Mura bhfuil an madra neodraithe, eiseofar an Deimhniú Díolúine nuair a bheidh an Fhoirm um Dheimhniú Tréidliachta ar Stádas Neodraithe faighte, ar an gcoinníoll go bhfuil gach coinníoll eile iarratais comhlíonta.

## Madra a bhfuil Mianach Bulaí Ollmhóir ann a Aithint

An t-aon bhealach atá ann chun a dheimhniú go bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir i madra go dlíthiúil in Éirinn ná úsáid a bhaint as an gCaighdeán maidir le Cruth Fhisiciúil Madra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann. Is féidir an madra a mheas i gcoinne an chaighdeáin ag baint úsáid as an nasc thuas.

## Neodrú

Ní mór duit socrú a dhéanamh le do Mháinlia/Cleachtóir Tréidliachta chun do mhadra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann a neodrú. Ní mór neodrú a dhéanamh trí na madraí fireanna a ghearradh agus na madraí baineanna a choilleadh.

Nuair a bheidh an madra neodraithe, ní mór duit **Foirm um Dheimhniú Tréidliachta ar Stádas Neodraithe** a chomhlánú. Ní mór do Mháinlia/Cleachtóir Tréidliachta an fhoirm seo a chomhshíniú agus a stampáil agus í a chur ar aghaidh chuig an Údarás Áitiúil.

Braithfidh an uair a bheidh sé sin le déanamh agat ar aois an mhadra ar an 1 Deireadh Fómhair 2024:

- Má tá do mhadra neodraithe cheana féin, ní mór an fhoirm seo a líonadh isteach a luaithe is féidir, agus do Thréidlia/Cleachtóir é a chomhshíniú agus a sheoladh ar ais leis an bhfoirm iarratais seo.
- Má tá an madra 18 mí d'aois nó níos sine agus mura ndearnadh neodrú air, ní mór an fhoirm chomhlánaithe seo a sheoladh ar ais a luaithe is féidir nó faoin **30 Meitheamh 2025** ar a dhéanaí.
- Má tá an madra níos óige ná 18 mí, ní mór an fhoirm a sheoladh ar ais chuig d'Údarás Áitiúil laistigh de mhí amháin ón uair a bheidh an madra 18 mí nó faoin **1 Iúil 2026** ar a dhéanaí.

Ní ghlacfar le foirmeacha ar bith **tar éis an 1 Iúil 2026.** Cuirfear aon iarratas nach bhfuil foirm um dheimhniú neodraithe leis faoin dáta sin ar neamhní.

## Micrishliseanna

Ní mór a chinntiú go bhfuil micrishlis ag an madra agus é cláraithe ar bhunachar sonraí faofa faoin am a bhfuil sé 12 sheachtain d'aois. Chun tuilleadh eolais a fháil ar mhicrishliseanna agus ar chlárú madraí, féach ar

https://www.gov.ie/en/publication/905aa-my-legal-responsibilities-as-a-dog-owner/

Liosta de bhunachar sonraí faofa micrishliseanna:

gov - Leas Ainmhithe (www.gov.ie)

Mura bhfuil tú cinnte an bhfuil micrishlis ag an madra, beidh Máinlia/Cleachtóir Tréidliachta in ann scanadh a dhéanamh agus é sin a dheimhniú duit.

## Deimhniú Díolúine a Dhiúltú

Sa chás go ndiúltaítear d'Iarratas ar Dheimhniú Díolúine ar chúis ar bith, cuirfidh an tÚdarás Áitiúil é sin in iúl duit i scríbhinn.

## Próiseas Athbhreithnithe Iarratais

Má dhiúltaítear Deimhniú Díolúine mar gheall ar cháipéisíocht a bheith ar iarraidh agus más féidir an cháipéisíocht sin a chur ar fáil anois, is féidir iarratas a dhéanamh arís ar an Deimhniú Díolúine chuig oifigeach sinsearach de chuid an Údaráis Áitiúil. Ní mór athiarratais a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó eisiúint an diúltaithe agus ní mór cúiseanna an athiarratais a leagan amach.  Cuirfear an próiseas seo in iúl duit sa litir dhiúltaithe.

## Ceanglais maidir le Deimhniú Díolúine

Agus tú i d’úinéir cláraithe ar mhadra a bhfuil mianach Bulaí Ollmhóir ann

Caithfidh tú:

1. An madra a choinneáil ag an seoladh céanna le sealbhóir an deimhnithe, seachas 30 lá ar a mhéad in aghaidh na bliana.
2. Iarratas a dhéanamh chuig d'Údarás Áitiúil ar Dheimhniú Díolúine athbhreithnithe má athraíonn tú seoladh, seachas athruithe a thiteann laistigh den tréimhse 30 lá thuasluaite.
3. Bás nó easpórtáil an mhadra a chur in iúl don Údarás Áitiúil.
4. Béalóg dhaingean agus iall ghearr láidir nach mó ná 2 mhéadar ar fad a choinneáil ar an madra agus é in áit phoiblí. Ní mór don bhéalóg cosc iomlán a chur ar an madra plaic a bhaint, agus ní mór don iall a bheith i ngreim ag duine atá os cionn 16 bliana d'aois.
5. A chinntiú go gcoinnítear an madra in áitreabh atá slán, oiriúnach dá leas agus ar bhealach nach mbeidh sé in ann éalú.
6. Cead a thabhairt d’Oifigeach Údaraithe (i.e. Maor Madraí) micrishlis an mhadra a léamh nuair a iarrann Oifigeach sin.
7. A chinntiú go bhfuil tú ag cloí le gach reachtaíocht ábhartha eile maidir le húinéireacht madraí.
8. An Deimhniú Díolúine a sholáthar d'Oifigeach Údaraithe (i.e. Maor Madraí) nó do chomhalta den Gharda Síochána laistigh de 10 lá ó iarrtar é.
9. Má tá an madra níos sine ná 18 mí an 1 Deireadh Fómhair 2024, foirm chomhlánaithe um Dheimhniú Tréidliachta ar Stádas Neodraithe a chur ar fáil faoin 30 Meitheamh 2025.
10. Má tá an madra níos óige ná 18 mí, Foirm um Dheimhniú Tréidliachta ar Stádas Neodraithe a chur ar fáil laistigh de mhí amháin ón neodrú a bheith déanta nó roimh an 1 Iúil 2026 ar a dhéanaí.